2024/3006

3.12.2024

CINNEADH (CBES) 2024/3006 ÓN gCOMHAIRLE

an 2 Nollaig 2024

mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa chun bagairt na mionarm agus na n-armán aindleathach agus a n-armlón a laghdú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionarm agus armáin éadroma aindleathacha ('SALW') agus a n-armlón dar teideal 'Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint' ('Straitéis SALW an Aontais').

(2) Meabhraítear i Straitéis SALW an Aontais gurb amhlaidh, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas, go háirithe in oirdheisceart na hEorpa, go bhfuil teorainn i gcónaí le héifeachtacht iarrachtaí rialaithe arm tine mar aon le SAWL i gcodanna de na Balcáin Thiar i ngeall ar scála an charntha SAWL agus armlóin, coinníollacha stórála neamhleora, seilbh aindleathach fhorleathan agus bearnaí ó thaobh cur chun feidhme de, rud a bhfuil tionchar aige ar an tslándáil sa réigiún agus san Aontas araon.

(3) An 10 Iúil 2018, ghlac Cruinniú Mullaigh na mBalcán Thiar i Londain '*Regional Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse and trafficking of SALW/firearms and their ammunition in the Western Balkans by 2024*' [Treochlár réigiúnach chun teacht ar réiteach inbhuanaithe i ndáil le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SAWL/arm tine agus a n-armlón sna Balcáin Thiar faoi 2024] ('an Treochlár').

(4) I Straitéis SALW an Aontais, tugtar faoi deara go leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do Theach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) le haghaidh ghníomhaíochtaí rialaithe SALW agus go gcuirfidh sé tionscnaimh réigiúnacha, cuir i gcás an Treochlár, san áireamh.

(5) An 29 Deireadh Fómhair 2024, thug an cruinniú aireachta Ceartais agus Gnóthaí Baile idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i Montainéagró dá aire go leanfaí den Treochlár go dtí 2030.

(6) Rannchuideoidh na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear faoin gCinneadh seo go díreach le cur chun feidhme Straitéis SALW an Aontais, phlean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh gáinneáil ar airm thine, Thimthriall Beartais an Aontais maidir le coireacht eagraithe agus thromchúiseach idirnáisiúnta (Airm Thine EMPACT), An Treochláir, an Chonartha Trádála Arm, Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe (NA) chun gach gné den trádáil aindleathach mionarm agus armán éadrom a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, na hIonstraime idirnáisiúnta Rianaithe, Phrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe, Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná agus an tSíocháin agus an tSlándáil, Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe don Dí-Armáil, go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16 de Chlár Oibre 2030 maidir le sochaithe córa síochánta, mar aon leis an gComhshocrú don Todhchaí arna ghlacadh ag Comhthionóil na Náisiún Aontaithe an 22 Meán Fómhair 2024.

(7) Le Comhdhálacha leantacha Athbhreithniúcháin na Náisiún Aontaithe lena ndéantar athbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe i gcoinne SALW aindleathacha, athdhearbhaíodh toilteanas na Stát leanúint den chomhar idirnáisiúnta agus an comhar réigiúnach a threisiú.

(8) Faoin gComhshocrú don Todhchaí a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, tá gealltanas tugtha ag Ballstáit na Náisiún Aontaithe 'aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le trádáil aindleathach na mionarm agus na n-arm éadrom, a bpáirteanna agus a n-armlón, nó armlón gaolmhar, lena n-áirítear trí straitéisí agus cuir chuige náisiúnta coisc' (Gníomhaíocht 18), agus 'ár n-iarrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a neartú chun gach gné de thrádáil aindleathach na mionarm agus na n-arm éadroma a chomhrac, a chosc agus a dhíothú' (Gníomhaíocht 26).

(9) Leis an tionscadal, déanfar an cúnamh a thug an tAontas go dtí seo do rialú SALW a dhoimhniú agus a chomhlánú trí Chinntí ón gComhairle chun tacú le hobair SEESAC sa réigiún, lena n-áirítear Cinntí 2010/179/CBES [1], 2013/730/CBES [2], (CBES) 2016/2356 [3], agus (CBES) 2019/2111 [4] ón gComhairle. Rannchuideofar freisin leis an bPlean Cur Chun Feidhme Réigiúnach agus le spriocanna an Treochláir a dtacaíonn Cinneadh (CBES) 2022/2321 ón gComhairle [5] leo a bhaint amach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. D'fhonn Straitéis SALW an Aontais a chur chun feidhme, maoineoidh an tAontas tionscadal, arb é is cuspóir foriomlán dó rannchuidiú a thuilleadh leis an tslándáil fheabhsaithe i réigiún Oirdheisceart na hEorpa agus san Aontas tríd an mbagairt a bhaineann le mionairm aindleathacha agus arm áin éadroma agus a n-armlón in Oirdheisceart na hEorpa agus san Úcráin agus ó Oirdheisceart na hEorpa agus ón Úcráin a chomhrac.

2. Go sonrach, tacóidh an tionscadal leis an méid seo a leanas:

— tuilleadh forbartha ar chreat reachtach agus rialála maidir le mionairm agus arm áin éadroma, airm thine agus pléascáin, agus lena chomhchuibhiú le creat agus caighdeánú an Aontais in Oirdheisceart na hEorpa;

— fothú acmhainneachta na n-údarás custaim, na bpóilíní teorann agus sheirbhísí póilíneachta coiriúla na mBalcán Thiar chun an gháinneáil aindleathach agus seilbh arm tine a chomhrac;

— leanúint de bheith ag ceapadh beartas fianaise-bhunaithe maidir le rialú na mionarm agus na n-armán éadrom, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na bhfear agus na mban araon;

— an comhar náisiúnta, malartú eolais agus comhroinnt faisnéise maidir le rialú na mionarm agus na n-armán éadrom a neartú;

— feabhas a chur ar na cumais maidir le Slándáil Fhisiciúil agus Bainistíocht Stoc-charn (PSSM).

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) a chuirfidh an tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 chun feidhme go teicniúil, i gcás inar gá i gcomhar le Tiománaí an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT).

3. Déanfaidh SEESAC a chuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), a ghníomhóidh thar ceann SEESAC.

Airteagal 3

1. Is é EUR 3 999 920,60 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

---

[1] Cinneadh 2010/179/CBES ón gComhairle an 11 Márta 2010 mar thaca le gníomhaíochtaí rialaithe arm SEESAC sna Balcáin Thiar, faoi chuimsiú Straitéis an Aontais Eorpaigh chun carnadh aindleathach mionarm agus arm éadrom, mar aon lena n-armlón, agus an gháinneáil a dhéantar orthu a chomhrac (IO L 80, 26.3.2010, lch. 48).

[2] Cinneadh 2013/730/CFSP ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 lena dtacaítear le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa faoi chuimsiú Straitéis an Aontais chun carnadh agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlóin a chomhrac (IO L 332, 11.12.2013, lch. 19).

[3] Cinneadh (CBES) 2016/2356 ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa faoi chuimsiú Straitéis an Aontais Eorpaigh chun carnadh aindleathach mionarm agus arm éadrom, mar aon lena n-armlón, agus an gháinneáil a dhéantar orthu a chomhrac (SALW) (IO L 348, 21.12.2016, lch. 60).

[4] Cinneadh (CBES) 2019/2111 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 a thacaíonn le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa chun bagairt na mionarmán agus na n-armán éadrom agus a n-armlón a laghdú (IO L 318, 10.12.2019, lch. 147).

[5] Cinneadh (CBES) 2022/2321 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 mar thaca le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Armán Éadrom (SEESAC) do chur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir leis an ngáinneáil aindleathach ar airm sna Balcáin Thiar a chomhrac agus mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa (IO L 307, 28.11.2022, lch. 149).

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2.

4. Chun na críche sin, tabharfaidh an Coimisiún an comhaontú is gá i gcrích le UNDP, a ghníomhóidh thar ceann SEESAC. Sonrófar sa chomhaontú go bhfuil ar SEESAC infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid, a áirithiú.

5. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

6. Déantar cur síos mionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn a gabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle faoi chur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta gach ráithe arna n-ullmhú ag SEESAC.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún faoi ghnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(4) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura dtabharfar aon chomhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY M.

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

Tuairisc ar an nGníomhaíocht

Tionscadal mar thaca le bagairt na mionarmán agus na n-armán éadrom aindleathach agus a n-armlón a laghdú in Oirdheisceart na hEorpa

1. **Réamhrá agus cuspóirí**

Tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas in Oirdheisceart na hEorpa maidir le rialú arm a fheabhsú agus gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac, go háirithe mar gheall ar thacaíocht leanúnach ón Aontas. Is ábhar imní fós é réigiún Oirdheisceart na hEorpa, áfach, agus sainaithníodh é mar réimse tosaíochta i Straitéis an Aontais an 19 Samhain 2018 i gcoinne airm thine, mionarmán agus armáin éadroma aindleathacha (SALW) agus a n-armlón dar teideal 'Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint' ('Straitéis SALW an Aontais'). Bíonn tionchar soiléir ag airm thine aindleathacha ar an tslándáil inmheánach agus sheachtrach, trí choireacht eagraithe agus gníomhartha sceimhlitheoireachta a spreagadh i réigiún Oirdheisceart na hEorpa agus san Aontas. Dá bhrí sin, is rannchuidiú suntasach leis an tsíocháin agus leis an tslándáil réigiúnach, Eorpach agus dhomhanda é na sásraí rialaithe a bhaineann le rialú mionarmán agus armán éadrom a neartú a thuilleadh.

Ag tógáil ar Phlean Cur Chun Feidhme Réigiúnach Oirdheisceart na hEorpa maidir le Leathadh agus Tionchar SALW a chomhrac (arna athbhreithniú in 2014), threisigh údaráis na mBalcán Thiar a dtiomantas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin rialaithe SALW atá fós ann agus aghaidh a thabhairt ar shealbhú, mí-úsáid agus gáinneáil aindleathach SALW tríd an *Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse, and trafficking of SALW and their ammunition in the Western Balkans by 2024* [Treochlár maidir le réiteach inbhuanaithe ar sheilbh neamhdhleathach, ar mhí-úsáid agus ar gháinneáil SALW agus a n-armlón sna Balcáin Thiar faoi 2024] (an 'Treochlár') a ghlacadh faoi in 2018. D'éirigh le cur chun feidhme an Treochláir, mar a dearbhaíodh leis na torthaí ó Athbhreithniú Meántéarma, a rinneadh ag deireadh 2022. Dearbhaíodh san Athbhreithniú Meántéarma, i measc nithe eile, éifeachtacht agus ábharthacht an Treochláir maidir le gach gné de rialú SALW. Thairis sin, dhearbhaigh sé go dtugtar comhartha láidir sa Treochlár go bhfuil comhar ann idir dlínsí na mBalcán Thiar agus le comhpháirtithe seachtracha, agus go bhfuil méadú tagtha ar an gcomhordú agus ar an gcomhar sin, rud a léiríonn go bhfuil comharthaí luatha tionchair ann cheana féin. Ina theannta sin, dearbhaíodh san athbhreithniú meántéarma freisin go bhfuil an dul chun cinn i dtreo gach sprioc den Treochlár ar an mbóthar ceart den chuid is mó.

Ag eascairt as ceann de phríomh-mholtaí an Athbhreithnithe Mheántéarma, chuir údaráis an réigiúin in iúl go gcomhaontaíonn siad agus go bhfuil siad tiomanta leanúint de chur chun feidhme an Treochláir tar éis 2024 ag cruinniú ardleibhéil an Aontais maidir le gáinneáil ar airm thine a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa a tionóladh sa Bhruiséil i mí na Bealtaine 2023. Thairis sin, ag an bhfóram aireachta um cheartas agus gnóthaí baile a tionóladh in Scóipé an 26 agus an 27 Deireadh Fómhair 2023, d'athdhearbhaigh an tAontas agus na Balcáin Thiar 'go bhfuil rún daingean acu deireadh a chur le gáinneáil agus leathadh mionarmán agus armán éadrom agus meabhraíodh dóibh an comhaontú ar thángthas air i mí na Bealtaine 2023 síneadh a chur le cur chun feidhme an Treochláir maidir le rialú cuimsitheach mionarmán agus armán éadrom sna Balcáin Thiar tar éis 2024'. Ina theannta sin, de réir Dhearbhú Chruinniú Mullaigh AE-na mBalcán Thiar an 13 Nollaig 2023, 'is sampla é an Treochlár, a fadaíodh tar éis 2024, de dhea-chleachtas a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir leis an gcomhar réigiúnach chun rialú mionarmán a neartú.'

Rinneadh téacs athbhreithnithe an Treochláir, agus síneadh curtha leis an tréimhse cur chun feidhme faoi 2030, a chomhdhlúthú i gcruinniú an Treochláir réigiúnaigh an 10 Iúil 2024. Leis an Treochlár sin ina bhfuil cúig sprioc faoina gcuimsítear na réimsí feidhmiúla go léir de rialú arm, beartaítear gur réigiún níos sábháilte a bheidh sna Balcáin Thiar agus gur onnmhaireoir slándála a bheidh ann, ina mbeidh sásraí cuimsitheacha inbhuanaithe – sásraí a bheidh comhchuibhithe go hiomlán le caighdeáin an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta eile – chun seilbh, mí-úsáid agus gáinneáil neamhdhleathach arm tine, armlóin agus pléascán a shainaithint, a chosc, a ionchúiseamh agus a rialú. Ghlac an tAontas Cinneadh ón gComhairle in 2022 mar thaca le cur chun feidhme an Treochláir (Cinneadh (CBES) 2022/2321).

Thacaigh Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarmán agus Arm Éadrom (SEESAC), mar bhrainse feidhmiúcháin an phlean cur chun feidhme réigiúnaigh maidir le leathadh mionarmán agus armán éadrom a chomhrac ('an Plean Cur Chun Feidhme Réigiúnach'), le forbairt an Treochláir. Tugadh sainordú le Cinneadh (CBES) 2018/1788 ([1]) ón gComhairle do SEESAC comhordú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Treochláir. Áirithítear comhordú i measc na n-institiúidí, na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta agus na ndeontóirí faoi chuimsiú an Treochláir den chuid is mó trí chruinnithe foirmiúla réigiúnacha comhordaithe an Treochláir ina ndírítear ar an dul chun cinn agus ar mhalartú faisnéise a mheas, agus trí thacaíocht shaineolach theicniúil a chur ar fáil do chruinnithe áitiúla comhordúcháin an Treochláir. Áirithítear faireachán ar chur chun feidhme an Treochláir trí thuarascálacha faireacháin agus meastóireachta

([1]) IO L 293, 20.11.2018, lch. 11

leathbhliantúla a fhorbairt ina ndéantar dul chun cinn, dúshláin agus riachtanais sa chur chun feidhme sin a dhoiciméadú bunaithe ar na heochairtháscairí feidhmíochta arna gcomhaontú go comhchoiteann. Ina theannta sin, tá ról rúnaíochta ag SEESAC maidir le Ciste Iontaobhais Il-chomhpháirtithe Threochlár Rialaithe SALW na mBalcán Thiar (MPTF) a bunaíodh chun tacú le cur chun feidhme an Treochláir. Tá SEESAC ag obair go dlúth leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), leis an gCoimisiún Eorpach (DG HOME, DG NEAR), le Europol, leis an Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), le Interpol, le ECAT, leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus le deontóirí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile a thacaíonn le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm in Oirdheisceart na hEorpa.

Is é cuspóir foriomlán na gníomhaíochta sin rannchuidiú a thuilleadh le slándáil fheabhsaithe i réigiún Oirdheisceart na hEorpa agus san Aontas tríd an mbagairt ó SALW aindleathacha agus a n-armlón in Oirdheisceart na hEorpa agus uaidh, agus san Úcráin, a chomhrac. Le cur chun feidhme an Chinnidh sin, déanfar cúnamh an Aontais maidir le rialú SALW a dhoimhniú agus a chomhlánú, cúnamh dá bhforáiltear le Cinntí 2010/179/ CBES, 2013/730/CBES ([2]), (CBES) 2016/2356 ([3]), (CBES) 2018/1788 (CBES) 2019/2111 agus (CBES) 2024/381 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2111 (a rachaidh in éag an 31 Nollaig 2024). Rannchuideoidh sé freisin leis an bPlean Cur Chun Feidhme Réigiúnach agus le spriocanna an Treochláir a dtacaíonn Cinneadh (CBES) 2022/2321 ón gComhairle leo a bhaint amach.

Rannchuideoidh an ghníomhaíocht le comhar idir-réigiúnach, malartú eolais agus comhroinnt faisnéise neartaithe maidir le rialú SALW; tacú a thuilleadh le creat reachtach agus rialála a fhorbairt maidir le SALW, airm thine agus pléascáin, agus lena chomhchuibhiú le creat agus caighdeánú an Aontais in Oirdheisceart na hEorpa; leanúint de thacaíocht a thabhairt do cheapadh beartas fianaise-bhunaithe maidir le rialú SALW, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na bhfear agus na mban araon; acmhainneacht na n-údarás custaim, na bpóilíní teorann agus sheirbhísí na bpóilíní coiriúla sna Balcáin Thiar a fhorbairt chun gáinneáil aindleathach agus seilbh arm tine a chomhrac agus feabhas a chur ar an acmhainneacht le haghaidh slándáil fhisiciúil agus bainistiú stoc-charn (PSSM) trí uasghrádú slándála bonneagair, laghdú barrachais, agus oiliúint.

Cuirfidh an tionscadal ar bhealach níos leithne le síocháin agus slándáil dhomhanda agus, ag an am céanna, feabhsóidh sé cobhsaíocht réigiúnach trí oibriú faoi chuimsiú na Comhairle um Chomhar Réigiúnach (RCC) agus i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe agus tionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha eile.

Rannchuideoidh an ghníomhaíocht go díreach le cur chun feidhme Straitéis Slándála an Aontais, Straitéis SALW AE, phlean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh gáinneáil ar airm thine,Thimthriall Beartais an Aontais maidir le coireacht eagraithe agus thromchúiseach idirnáisiúnta (Airm Thine EMPACT), an Chonartha Trádála Arm, Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun gach gné den trádáil aindleathach mionarm agus armán éadrom a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, Ionstraim idirnáisiúnta Rianaithe, Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe agus Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus feabhsóidh sé go sonrach an comhar réigiúnach chun an bhagairt a bhaineann le leathadh SALW agus a n-armlón a chomhrac. Rannchuideoidh torthaí an tionscadail go díreach freisin le sprioc forbartha inbhuanaithe 16 de Chlár Oibre 2030 maidir le sochaithe síochánta agus córa a chur chun feidhme, go háirithe sprioc 16.1 (laghdú suntasach a dhéanamh i ngach áit ar gach cineál foréigin agus ar rátaí báis) agus sprioc 16.4 (laghdú suntasach a dhéanamh ar shreabha arm aindleathach) agus Sprioc 5 maidir le comhionannas inscne.

Go sonrach, déanfaidh an tionscadal an méid seo a leanas:

— rannchuidiú le comhar idir-réigiúnach neartaithe, malartú eolais agus comhroinnt faisnéise maidir le rialú mionarm agus armán éadrom;

— tacú le fothú acmhainneachta na n-údarás custaim, na bpóilíní teorann agus sheirbhísí póilíneachta coiriúla na mBalcán Thiar chun gáinneáil aindleathach agus seilbh arm tine a chomhrac;

— tacú le hacmhainneachtaí PSSM a fheabhsú a thuilleadh.

([2]) Cinneadh (CBES) 2013/730/CFSP ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 lena dtacaítear le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa faoi chuimsiú Straitéis an Aontais chun carnadh agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlóin a chomhrac (IO L 332, 11.12.2013, lch. 19).

([3]) Cinneadh (CBES) 2016/2356 ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa faoi chuimsiú Straitéis an Aontais Eorpaigh chun carnadh aindleathach mionarm agus arm éadrom, mar aon lena n-armlón, agus an gháinneáil a dhéantar orthu a chomhrac (SALW) (IO L 348, 21.12.2016, lch. 60).

2. **Roghnú na gníomhaireachta cur chun feidhme agus comhordú le tionscnaimh chistiúcháin ábhartha eile**

Is tionscnamh comhpháirteach é SEESAC de Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) agus den Chomhairle um Chomhar Réigiúnach, agus dá réir sin, tá sé mar phointe fócasach do na gníomhaíochtaí a bhaineann le SALW in Oirdheisceart na hEorpa. Mar bhrainse feidhmiúcháin an Phlean Cur Chun Feidhme Réigiúnaigh, tá sé ag obair ó 2002 i leith le páirtithe leasmhara in Oirdheisceart na hEorpa chun cur chuige iomlánaíoch a chur chun feidhme maidir le rialú SALW trí raon leathan gníomhaíochtaí a chur i gcrích, lena n-áirítear: comhar réigiúnach straitéiseach agus oibríochtúil a éascú; tacú le forbairt beartas agus le feabhsú acmhainneachta institiúidí; feachtais múscailte feasachta agus feachtais bailithe SALW; bainistiú stoc-charn, laghdú barrachais, cumais fheabhsaithe mharcála agus rianaithe; agus rialú feabhsaithe ar onnmhairiú arm. Dá bharr sin, tá acmhainneacht agus taithí uathúil faighte ag SEESAC maidir le hidirghabhálacha réigiúnacha ilpháirtithe leasmhara a chur chun feidhme i gcomhthéacs chúlra polaitiúil eacnamaíoch comhroinnte na gcomhpháirtithe i réigiún Oirdheisceart na hEorpa, lena n-áirithítear úinéireacht náisiúnta agus réigiúnach agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chuid gníomhaíochtaí agus cáil a ghnóthú dó féin mar phríomhúdarás réigiúnach sa réimse rialaithe SALW.

Leanann SEESAC de bhealaí cumarsáide déthaobhacha agus iltaobhacha a choinneáil leis na gníomhaithe agus na heagraíochtaí ábhartha ar fad. I ndáil leis sin, leanann sé de bheith ag feidhmiú mar Rúnaíocht an Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnaigh do SALW. Ina theannta sin, ceapadh SEESAC mar Rúnaíocht Chiste Iontaobhais Ilchomhpháirtithe freisin. Tá SEESAC mar chuid de chruinnithe comhordúcháin SALW/gníomhaíocht mianach freisin, sásra comhordúcháin neamhfhoirmiúil maidir le gníomhaíochtaí rialaithe SALW a oibríonn idir ECAT, an tAontas, ESCE, Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA) agus SEESAC. Rannchuidíonn SEESAC go rialta le fóraim réigiúnacha ábhartha mar shampla cruinnithe na n-airí ceartais agus gnóthaí baile idir an tAontas agus na Balcáin Thiar, próiseas struchtúrtha malartaithe faisnéise ECAT maidir le SALW, agus próiseas aireachta cosanta Oirdheisceart na hEorpa. Chomh maith leis sin, leanann SEESAC de líonra leathan comhpháirtíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a choinneáil ar bun le heagraíochtaí mar shampla RACVIAC (an Lárionad Réigiúnach um Fhíorú agus Cur Chun Feidhme Rialaithe Arm) – an Lárionad um Chomhar Slándála agus Fóram ESCE um Chomhar Slándála. Tionóltar cruinnithe comhordúcháin rialta chomh maith le malartú faisnéise le gníomhaireachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe, mar shampla UNODC (Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht) agus UNODA, trí Shásra Comhordaithe Gnímh na Náisiúin Aontaithe um mionarmáin (CASA) agus trí fhormáidí eile freisin. Dá bhrí sin, is mol réigiúnach é SEESAC agus is pointe fócasach é do réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le hathchóiriú na hearnála slándála, ag díriú go háirithe ar rialú SALW agus ar bhainistiú stoc-charn. Coinníonn SEESAC dlúth-theagmháil ar bun le gníomhaithe ábhartha an Aontais agus tugann sé tacaíocht dóibh, go príomha an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú, an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile, Europol, Interpol agus Frontex, chomh maith le tionscnaimh faoi stiúir an Aontais mar shampla EMPACT Airm Thine, agus Grúpa Saineolaithe Arm Tine na hEorpa (EFE). Cumasaíonn sé sin for-rochtain níos éifeachtaí chuig contrapháirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

Tá SEESAC lonnaithe i mBéalgrád agus feidhmíonn sé faoi láthair ar fud Oirdheisceart na hEorpa agus gníomhaíochtaí ar bun aige san Albáin, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, sa Chosaiv (*), i bPoblacht na Macadóine Thuaidh agus sa tSeirbia agus tugann sé tacaíocht theoranta don Úcráin. Roimhe seo, bhí sé ag feidhmiú sa Bhulgáir, sa Chróit agus sa Rómáin freisin. Áirithítear úinéireacht réigiúnach tríd an gComhairle um Chomhar Réigiúnach agus tríd an nGrúpa Stiúrtha Réigiúnach, áit a gcuireann ionadaithe na dtíortha uile in Oirdheisceart na hEorpa treoraíocht straitéiseach, tionscnaimh agus iarratais ar thacaíocht ar fáil.

Tá SEESAC ar thús cadhnaíochta maidir le cur chuige atá bunaithe ar dhul i ngleic le fadhbanna comhroinnte trí thionscnaimh réigiúnacha, as ar eascair torthaí suntasacha in Oirdheisceart na hEorpa, ní hamháin mar gheall ar an gcomhroinnt faisnéise ríthábhachtaí agus cur chun cinn na hiomaíochta réigiúnaí sláintiúla a spreagann sé, ach freisin toisc go gcuidíonn sé le torthaí comhsheasmhacha intomhaiste a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach trí mhódúlacht iomlánaíoch a chur chun feidhme.

Chuir SEESAC na tionscadail a fuair cistiú ón Aontas roimhe seo chun feidhme le ráta an-ard seachadta de na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe, a raibh torthaí inbhuanaithe tionscadail mar thoradh orthu trí úinéireacht náisiúnta ar a dtionscadail agus ar a ngníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chothú, agus trí chomhordú réigiúnach, taithí réigiúnach agus comhroinnt dea-chleachtas, chomh maith le taighde réigiúnach, a chur chun cinn. Mar gheall ar an saineolas atá aige ar SALW agus ar an bhfaisnéis dhomhain ar ghnóthaí réigiúnacha agus ar gheallsealbhóirí ábhartha atá aige, is é SEESAC an comhpháirtí cur chun feidhme is oiriúnaí don ghníomhaíocht áirithe seo.

3. **Cur síos ar an tionscadal**

Cuirfidh céim nua an tionscadail leis an méid a baineadh amach faoi Chinntí 2004/791/CBES ([4]), (CBES) 2010/179, 2013/730/CBES, (CBES) 2016/2356, (CBES) 2018/1788, (CBES) 2019/2111 agus (CBES) 2024/381 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2111 agus i gcomhlántacht le Cinneadh (CBES) 2022/2321 ón gComhairle an 22 Eanáir

(*) Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([4]) IO L 348, 24.11.2004, lch. 46

2024 atá ar siúl faoi láthair agus le tionscadal réigiúnach IPA maidir le tacaíocht chun feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne seilbh, mí-úsáid agus gáinneáil neamhdhleathach mionarmán agus armán éadrom (SALW) sna Balcáin Thiar arna chistiú ag an gCoimisiún Eorpach. Díreoidh sé ar thrí phríomhréimse, lena gcoinneofar an cur chuige iomlánaíoch chun dul i ngleic leis an mbagairt ó SALW i réigiún Oirdheisceart na hEorpa.

Sna trí réimse sin, tugtar aghaidh ar an leibhéal straitéiseach agus beartais chomh maith leis na gnéithe oibríochtúla, agus ar an gcaoi sin cabhraítear go díreach le gach leibhéal de rialú SALW agus béim á leagan ar chomhar réigiúnach, malartú eolais agus comhroinnt faisnéise a neartú; fothú acmhainneachta na n-údarás custaim, na bpóilíní teorann agus sheirbhísí póilíneachta coiriúla na mBalcán Thiar chun gáinneáil aindleathach agus seilbh arm tine a chomhrac; agus feabhas a chur ar acmhainneachtaí do shlándáil fhisiciúil agus bainistíocht stoc-charn armán (PSSM) trí uasghrádú slándála bonneagair, laghdú barrachais agus oiliúint.

Go háirithe, beidh an méid seo a leanas mar thoradh ar an tionscadal:

— comhar náisiúnta neartaithe, malartú eolais agus comhroinnt faisnéise maidir le rialú arm;

— acmhainneachtaí feabhsaithe na n-údarás custaim, na bpóilíní teorann agus sheirbhísí póilíneachta coiriúla na mBalcán Thiar chun gáinneáil aindleathach agus seilbh arm tine a chomhrac;

— acmhainneachtaí feabhsaithe do PSSM trí uasghrádú slándála bonneagair, laghdú ar bharrachas, agus oiliúint.

Tá straitéis an tionscadail bunaithe ar chur chuige uathúil SEESAC maidir le muinín agus comhar a chothú i réigiún Oirdheisceart na hEorpa mar réamhriachtanas chun athrú claochlaitheach nithiúil intomhaiste a bhaint amach. Go háirithe, ar an leibhéal réigiúnach, is léir go bhfuil próisis éagsúla chomhair arna n-éascú ag SEESAC, a bhfuil idir lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí ar an leibhéal oibríochtúil rannpháirteach iontu, bunriachtanach chun timpeallacht chumasúcháin iomaíoch a áirithiú le haghaidh aistriú eolais, malartú saineolais agus comhroinnt faisnéise. Mar thoradh air sin, ní hamháin gur cuireadh leis na hacmhainneachtaí i réigiún Oirdheisceart na hEorpa, ach níos tábhachtaí fós, cothaíodh níos mó muiníne agus bunaíodh comhar díreach i measc institiúidí agus saineolaithe aonair, rud a d'fhág, i measc tosca eile, gurbh fhéidir an Treochlár a fhorbairt. Ina theannta sin, leis an gcur chuige maidir le comhar réigiúnach, tá réigiún Oirdheisceart na hEorpa níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla ina chuid iarrachtaí chun an trádáil arm a rialú, rud a fhágann go bhfuil tíortha Oirdheisceart na hEorpa i measc na dtíortha is trédhearcaí ar fud an domhain ina dtuairisciú ar aistrithe arm. Dá bhrí sin, leanfaidh an tionscadal de chomhar réigiúnach a chothú mar an ghné riachtanach chumasúcháin le haghaidh torthaí intomhaiste.

Is é Oirdheisceart na hEorpa raon feidhme geografach an tionscadail, agus is iad na húdaráis ábhartha san Albáin, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, i Montainéagró, sa tSeirbia, sa Mholdóiv, sa Mhacadóin Thuaidh agus sa Chosaiv tairbhithe díreacha na dtionscadal. Ina theannta sin, leis an tionscadal féachfar le leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin, trína rannpháirtíocht maidir le haistriú an eolais agus na taithí a fuarthas agus na ndea-chleachtas a forbraíodh sna Balcáin Thiar.

3.1. *Comhar réigiúnach a éascú agus tacú le ceapadh beartas fianaisebhunaithe maidir le rialú SALW, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú a thuilleadh leis an mbagairt a bhaineann le leathadh aindleathach SALW a laghdú*

Cuspóir

Is é is aidhm don chéad chomhpháirt rannchuidiú a thuilleadh le hacmhainneachtaí a neartú chun beartais rialaithe fianaisebhunaithe SALW agus caighdeánú cur chuige a cheapadh agus a chur chun feidhme trí chomhar réigiúnach ar leibhéil straitéiseacha agus oibríochtúla Choimisiúin SALW agus an Líonra Saineolaithe maidir le hAirm Thine in Oirdheisceart na hEorpa (SEEFEN) arb ionann iad agus cnámh droma an chur chuige réigiúnaigh maidir le rialú SALW in Oirdheisceart na hEorpa. Thairis sin, tacófar le malartú faisnéise agus comhroinnt eolais, le fothú acmhainneachta níos mó chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú, le comhchuibhiú agus caighdeánú chreataí reachtacha agus rialála SALW, agus le gné na hinscne a chomhtháthú i mbeartais rialaithe SALW. Cuideoidh sé sin, dá réir sin, le Spriocanna 1, 2 agus 3 an Treochláir a bhaint amach.

Tuairisc

Ag tógáil ar an gcur chuige rathúil maidir le líonrú a éascú ar an leibhéal réigiúnach, leanfaidh an chomhpháirt sin de chomhar réigiúnach a éascú idir Coimisiúin SALW trí chruinnithe réigiúnacha rialta, malartú faisnéise agus obair maidir le sonraí a bhailiú agus acmhainneacht a mhéadú le haghaidh ceapadh beartas fianaisebhunaithe. Méadófar trédhearcacht aistrithe arm freisin tríd an bpróiseas réigiúnach malartaithe faisnéise maidir le haistrithe arm a chomhtháthú go páirteach i bpróiseas comhair Choimisiún SALW, chomh maith le tacaíocht do thrédhearcacht leanúnach na n-aistrithe arm in

Oirdheisceart na hEorpa. Ar deireadh, cuirfidh an chomhpháirt sin tacaíocht theicniúil ar fáil trí thaighde agus seisiúin eolais spriocdhírithe ar éileamh atá ábhartha i dtaobh beartais do lucht ceaptha beartas.

Ina theannta sin, i bhfianaise an riosca a bhaineann le gáinneáil aindleathach ar airm thine don Aontais, chomh maith le húsáid arm tine sa choireacht eagraithe agus in eachtraí sceimhlitheoireachta, is gné bhunriachtanach iad córais agus sásraí láidre bailithe agus malartaithe faisnéise a fhorbairt sna hiarrachtaí ar an mbagairt sin a chomhrac. Trína chuid oibre seanbhunaithe i réigiún Oirdheisceart na hEorpa, agus go háirithe trí Chinntí 2013/730/CBES, (CBES) 2016/2356, (CBES) 2018/1788, (CBES) 2019/2111 agus (CBES) 2024/381 ón gComhairle an 22 Eanáir 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2111 a chur chun feidhme go rathúil, lena n-áirítear SEEFEN a bhunú agus a éascú, bhí SEESAC ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí sin, ag gníomhú dó mar thionólaí na bpróiseas comhair agus é ag obair chun acmhainneacht na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a mhéadú maidir le marcáil, rianú agus clárú, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil agus tacaíocht chun córais chláraithe a bhunú agus a fheabhsú. Dá réir sin, cuirfidh an chomhpháirt sin leis an mbonn a bunaíodh sa tréimhse roimhe sin trí SEEFEN a neartú a thuilleadh, agus ag an am céanna é á úsáid mar ardán le haghaidh comhar méadaithe i measc gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí in Oirdheisceart na hEorpa agus níos faide i gcéin ná iad chun gáinneáil aindleathach ar SALW agus a n-armlón a chomhrac. Déanfar gníomhaíochtaí uile SEEFEN a chomhordú go dlúth le hiarrachtaí Europol, an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla, EFE, na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile, Interpol, Eurojust agus Frontex, agus gníomhaithe ábhartha eile agus rannchuideofar leis na hiarrachtaí sin.

Ar deireadh, tabharfar aghaidh sa chomhpháirt ar an ngéarghá atá le creat reachtach agus rialála níos déine maidir le rialú SALW agus arm tine sna Balcáin Thiar chun rialú arm a rialáil go héifeachtach agus chun an fhreagairt ar bhagairtí ábhartha a éascú. Leis sin, cumasófar comhoiriúnacht dlíthe agus nósanna imeachta maidir le rialú arm sna Balcáin Thiar agus caighdeánú nósanna imeachta agus cleachtas SALW agus rialaithe arm tine. Leis an gcaighdeánú sin, d'fhéadfaí deireadh a chur le bacainní lena gcuirtear cosc ar ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus ar na breithiúna comhoibriú go díreach, faisnéis a mhalartú, agus imscrúduithe comhpháirteacha nó comhthreomhara a dhéanamh. Déanfaidh sé amhlaidh, ag tógáil ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil trí Chinneadh (CBES) 2018/1788 ón gComhairle a chur chun feidhme, trí cheardlanna téamacha saincheaptha náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt, an choimre réigiúnach ar dhlí na n-arm a thabhairt cothrom le dáta agus tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil ar éileamh.

Go sonrach, beartaítear leis an tionscadal comhar réigiúnach a éascú agus tacú le ceapadh beartas fianaisebhunaithe i rialú SALW tríd an méid seo a leanas:

— cruinnithe réigiúnacha de Choimisiúin SALW (dhá uair in aghaidh na bliana) in Oirdheisceart na hEorpa lena ndírítear ar mhalartú faisnéise agus ar chomhroinnt eolais maidir le beartais rialaithe arm agus ar chaighdeánú na mbeartas sin;

— cruinnithe réigiúnacha SEEFEN (uair sa bhliain) ina ndírítear ar mhalartú faisnéise oibríochtúla agus ar chomhar trasteorann chun gáinneáil aindleathach ar airm thine a chomhrac;

— comhairle agus tacaíocht theicniúil ar éileamh a sholáthar do Choimisiúin SALW agus SEEFEN chun forbairt, dearadh, glacadh agus cur chun feidhme beartais a fheabhsú;

— tacaíocht ar éileamh le haghaidh chomhchuibhiú na reachtaíochta maidir le rialú arm le haghaidh leasuithe ábhartha i dtaca le reachtaíocht an Aontais maidir le rialú agus caighdeánú arm ar fud réigiún Oirdheisceart na hEorpa;

— tacaíocht le haghaidh bhailiú agus anailísiú shonraí Oirdheisceart na hEorpa;

— an tArdán Faireacháin ar Fhoréigean Armtha a chothabháil agus Monatóir ar Fhoréigean Armtha Oirdheisceart na hEorpa a scaipeadh go rialta lena gcumasaítear treochtaí a ghabháil;

— gné na hinscne a chomhtháthú a thuilleadh i gceapadh beartas maidir le rialú SALW;

— an t-ardán malartaithe faisnéise ar líne a chothabháil agus é a fheabhsú trí tháirgí eolais ar éileamh atá ábhartha do bheartas a fhorbairt.

Torthaí tionscadail/táscairí cur chun feidhme:

— suas le sé chruinniú réigiúnacha de Choimisiúin SALW a eagrú;

— suas le trí chruinniú réigiúnacha de SEEFEN a eagrú (dhá uair in aghaidh na bliana) ina ndíreofar ar líonrú agus ar mhalartú faisnéise idir saineolaithe ar airm thine i bhforfheidhmiú an dlí;

— feabhas a chur ar acmhainneachtaí Choimisiún SALW agus chomhaltaí SEEFEN tríthacaíocht theicniúil agus chomhairleach a chur ar fáil;

— malartú faisnéise, aistriú eolais agus caighdeánú cineálacha cur chuige a chumasú;

— suas le deich gceardlann théamacha a eagrú do na tairbhithe a thacaíonn le comhchuibhiú reachtaíochta leis an *acquis* agus le caighdeánú laistigh de réigiún Oirdheisceart na hEorpa;

— saineolas, tacaíocht chomhairleach agus theicniúil a sholáthar le haghaidh nuashonruithe reachtacha agus beartais agus é mar aidhm comhchuibhiú a dhéanamh le creat rialála agus caighdeáin rialála an Aontais;

— monatóirí míosúla a fhoilsiú ar threochtaí foréigin armtha ar fud réigiún Oirdheisceart na hEorpa;

— bailiú, anailísiú agus scaipeadh sonraí ó údaráis a áirithiú;

— gné na hinscne a chomhtháthú i gceapadh beartas maidir le SALW;

3.2. ***Tacaíocht bhreise d'fhothú acmhainneachta na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás teorann maidir le gáinneáil aindleathach ar airm agus ar phléascáin a chosc agus a chomhrac***

Cuspóir

Is é is aidhm don dara gné an tacaíocht is gá a áirithiú chun gáinneáil aindleathach ar SALW a chomhrac trí phróisis, trealamh agus oiliúint fheabhsaithe a chur ar fáil d'institiúidí spriocdhírithe forfheidhmithe dlí. Tá sé sin i gcomhréir le Sprioc 3 den Treochlár, ina n-iarrtar go ndéanfaí laghdú suntasach ar shreafaí aindleathacha arm tine, armlóin agus pléascán.

Tuairisc

Tacóidh an ghné sin le fothú acmhainneachta na n-údarás réigiúnach chun gníomhaíochtaí coisctheacha agus diansmachta araon a dhéanamh a bhfuil gá leo chun airm thine, armlón agus pléascáin óna ndlínse agus trína ndlínse a shainaithint, a chur de dhroim seoil agus a fhrithgháinneáil go rathúil. Sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil, sainaithníodh comhrac na gáinneála ar airm thine mar cheann dá ghníomhaíochtaí tosaíochta. Iarradh ann go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil agus go neartófaí comhrac na gáinneála ar airm thine. Tá foinsí gáinneála ar airm thine aindleathacha agus ar phléascáin aindleathacha éagsúil, agus tá rialuithe ag teorainneacha seachtracha agus comhar póilíneachta agus custaim ríthábhachtach i gcónaí, mar a leagtar amach i Straitéis SALW an Aontais. Ar leibhéal réigiúnach Oirdheisceart na hEorpa, cuideoidh an tAontas agus a Bhallstáit le cumais forfheidhmithe dlí a neartú chun líonraí gáinneála a shainaithint, cur isteach orthu agus cosc a chur orthu agus chun cosc a chur ar sceimhlitheoirí agus coirpigh airm thine a fháil ar an margadh aindleathach, *inter alia* trí bhac a chur ar mhaoiniú agus iompar aindleathach arm agus trí ról na bpóilíní teorann agus coiriúla chomh maith le ról na n-údarás custaim a fheabhsú. Mar gheall ar chineál trasteorann na gáinneála ar airm, tá sé thar a bheith tábhachtach tacaíocht a chur ar fáil do thíortha comharsanacha.

Tá rialú trasteorann neartaithe ar cheann de na ceanglais lárnacha le haghaidh cur chuige cuimsitheach chun trádáil aindleathach agus sreafaí arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlóin agus pléascán sna Balcáin Thiar a chomhrac. Feidhmíonn rialuithe éifeachtacha ag teorainneacha mar bhac ar gach gné den choireacht agus mar bheart chun muinín a chothú. Tá rialú dian éifeachtach ag teorainneacha ina bhonn d'aon chlár fadtéarmach slándála náisiúnta agus réigiúnaí. Is gá acmhainneachtaí foriomlána maidir le rialú ag teorainneacha a neartú chun gáinneáil ar airm, armlón agus pléascán thar theorainneacha a chur faoi chois go héifeachtach. Tá réamh-mheasúnú á dhéanamh ar acmhainneachtaí sheirbhísí custaim na ndlínsí faoi Chinneadh (CBES) 2022/2321, agus dírítear go príomha ar an gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm agus ar acmhainneachtaí riaracháin agus teicniúla na n-údarás custaim chun gáinneáil aindleathach ar airm thine a chomhrac. Léiríonn réamhthorthaí an mheasúnaithe go háirithe an easpa oiliúna spriocdhírithe maidir le hairm thine a bhrath ag teorainneacha agus buan-nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha atá i bhfeidhm lena ndírítear ar rialú SALW. Ina theannta sin, tá gá le tuilleadh tacaíochta chun acmhainneacht seirbhísí póilíneachta teorann agus coiriúla a fhorbairt, ag tógáil ar na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme cheana féin faoi Chinntí (CBES) 2019/2111 agus (CBES) 2024/381 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2111 agus bunaithe ar mholtaí ó mheasúnú ar riachtanais maidir leis an dá sheirbhís sin a rinneadh faoi Chinneadh (CBES) 2018/1788.

Díreoidh an cúnamh laistigh den chomhpháirt sin ar nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha agus oiliúint théamach a fhorbairt ar leibhéal na ndlínsí d'údaráis chustaim agus freisin ar oiliúint théamach agus ar sholáthar trealaimh do sheirbhísí póilíneachta teorann agus coiriúla. Ina theannta sin, leanfar de cheardlanna réigiúnacha a reáchtáil. Comhlánóidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe obair SEEFEN agus déanfar iad a chomhordú go dlúth le gníomhaíochtaí leanúnacha eile a fhaigheann tacaíocht ón Aontas in Oirdheisceart na hEorpa, go príomha Timthriall Beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach agus go sonrach pleananna gníomhaíochta oibríochtúla EMPACT Airm Thine, chomh maith le gníomhaíochtaí Europol, Frontex agus Interpol.

Déanfar sin trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

— buan-nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha a fhorbairt agus oiliúint a chur ar fáil don bhainistiú teorann maidir le gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac chun tacú le húdaráis chustaim san Albáin, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, sa Chosaiv, i Montainéagró, i bPoblacht na Macadóine Thuaidh agus sa tSeirbia;

— trealamh agus oiliúint a sholáthar do phóilíní teorann agus coiriúla chun gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac mar thaca le húdaráis phóilíneachta teorann agus coiriúla san Albáin, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, sa Chosaiv, i Montainéagró, i bPoblacht na Macadóine Thuaidh agus sa tSeirbia.

Torthaí tionscadail/táscairí cur chun feidhme:

— suas le sé nós imeachta oibríochta caighdeánacha a fhorbairt in aghaidh na seirbhísecustaim;

— suas le sé oiliúint théamacha a eagrú in aghaidh na seirbhíse custaim;

— suas le dhá cheardlann réigiúnacha a eagrú le haghaidh seirbhísí teorann agus custaim;

— trealamh a sholáthar do phóilíní teorann, agus oiliúint a chur ar fáil chun trealamh a úsáid;

— suas le sé oiliúint théamacha a eagrú le haghaidh seirbhís teorann in aghaidh na dlínse

— trealamh a sholáthar do phóilíní coiriúla, agus oiliúint a chur ar fáil chun trealamh a úsáid;

— suas le sé oiliúint théamacha a eagrú do phóilíní coiriúla in aghaidh na dlínse;

— suas le dhá cheardlann réigiúnacha a eagrú do phóilíní coiriúla.

3.3. ***Acmhainneachtaí maidir le slándáil fhisiciúil agus bainistíocht stoc-charn armán (PSSM) trí uasghrádú slándála bonneagair, trí bharrachas a laghdú agus trí oiliúint***

Cuspóir

An riosca a bhaineann le leathadh a laghdú trí fheabhas a chur ar shlándáil stoc-charn arm agus armlóin agus trí bharrachas stoc SALW a laghdú.

Tuairisc

Is é is aidhm don tríú comhpháirt tacú le húdaráis na n-údarás inmheánach agus póilíneachta feabhas breise a chur ar an mbonneagar slándála agus ar na gnáthnósanna imeachta oibríochta le haghaidh suíomhanna stórála tosaíochta, a bhfuil riosca suntasach ag baint leo fós maidir le goid agus leathadh neamhdhleathach SALW agus a n-armlón. Tá an comhpháirt sin ag cur le Cinneadh (CBES) 2016/2356, (CBES) 2019/2111 agus (CBES) 2024/381 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2111 agus tá sí i gcomhréir le Sprioc 7 den Treochlár arb é is aidhm di laghdú suntasach a dhéanamh ar an riosca maidir le leathadh agus atreorú arm tine, armlóin agus pléascán, agus le Sprioc 6 arb é is aidhm di barrachas agus scriosadh SALW agus armlóin urghafa a laghdú go córasach. D'éirigh le SEESAC cur chuige dé-chodach a úsáid maidir leis an méid seo a leanas: (1) feabhas a chur ar shlándáil suíomhanna stórála; agus (2) acmhainneacht an phearsanra a bhfuil sé de chúram orthu stoc-chairn a bhainistiú a fhothú, forálacha slándála a mhéadú go suntasach agus an baol a laghdú go ndéanfar stoc-chairn SALW agus a n-armlón a leathadh gan iarraidh. I gcomhréir le cur chuige cuimsitheach maidir le PSSM SALW agus a n-armlón, leathnaigh SEESAC an cur chuige sin trína chumasc leis an laghdú ar bharrachais, rud a laghdaíonn a thuilleadh na rioscaí maidir le leathadh.

Leanfaidh an tionscadal d'fheabhas a chur ar shlándáil na n-arm agus na stórála armlóin in Oirdheisceart na hEorpa trí chúnamh teicniúil agus bonneagair sonrach breise a sholáthar i gcomhréir le dea-chleachtais agus caighdeáin idirnáisiúnta. Cé gur tháinig méadú suntasach ar shlándáil na n-ionad stórála míleata faoi Chinneadh 2013/730/CBES ón gComhairle, tá stoc-chairn atá faoi chúram póilíní agus údarás gnóthaí baile sainaitheanta ag SEESAC mar réimse imní i ngeall ar an easpa

acmhainneachta maidir le coimirciú, clárú neamhleor agus cumais bainistithe stoc-charn, agus córais níos casta lena n-áirítear arm oiliúna chomh maith le hairm thine choigistithe. Tacú le póilíní/údaráis gnóthaí baile slándáil na seomraí stórála fianaise SALW a fheabhsú tríd an mbonneagar a uasghrádú. Tabharfar tús áite do sheomraí stórála fianaise atá lonnaithe i stáisiúin phóilíneachta áitiúla, mar ní hamháin go bhféadfadh baol atreoraithe a bheith ag baint leo, ach freisin mar gur bagairt ar an tslándáil phoiblí na substaintí guaiseacha éagsúla a stóráiltear faoi dhrochdhálaí stórála iontu. Tacú freisin le laghdú ar bharrachas SALW agus ar SALW coigistithe mar aon leis an armlón, agus ar an gcaoi sin an riosca maidir le leathadh aindleathach a laghdú a thuilleadh.

Na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe:

— tacú le póilíní/údaráis gnóthaí baile slándáil na seomraí stórála fianaise SALW a fheabhsú tríd an mbonneagar a uasghrádú;

— tacú le scriosadh ar bharrachas SALW nó ar SALW coigistithe;

— soláthar tacaíochta maidir le bainistiú stoc-charn agus córais um chigireacht;

Torthaí tionscadail/táscairí cur chun feidhme:

— suas le 6 sheomra stórála fianaise le neartú ó thaobh na slándála de;

— suas le 5,000, ar an iomlán, de ghnátharm le scriosadh;

— suas le trí cheardlann théamacha le cur ar fáil.

4. **Tairbhithe**

Is iad na hinstitiúidí atá freagrach as rialú SALW in Oirdheisceart na hEorpa tairbhithe díreacha an tionscadail. Is iad na húdaráis inmheánacha, seirbhísí póilíneachta, gardaí teorann, imscrúdaitheoirí coiriúla agus ionchúisitheoirí Phoblacht na hAlbáine, na Boisnia agus na Heirseagaivéine, na Cosaive, Phoblacht na Moldóive, Mhontainéagró, Phoblacht na Seirbia agus Phoblacht na Macadóine Thuaidh a bhainfidh tairbhe as an malartú faisnéise agus as an gcomhroinnt eolais as a dtiocfaidh caighdeánú trí chomhar réigiúnach, forbairt acmhainneachta, nósanna imeachta feabhsaithe agus soláthar saintrealaimh spriocdhírithe atá riachtanach chun dul chun cinn beartais, oibríochtúil agus teicniúil a dhéanamh i rialú SALW. Ar deireadh, bainfidh Coimisiúin SALW agus institiúidí eile atá freagrach as SALW a rialú in Oirdheisceart na hEorpa tairbhe as oiliúint agus comhroinnt faisnéise chomh maith le comhar réigiúnach.

Tá na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir go hiomlán leis na tosaíochtaí náisiúnta maidir le rialú SALW agus leis an Treochlár; tá siad formhuinithe ag údaráis rialaithe náisiúnta ábhartha SALW, a léiríonn a dtoilteanas agus a dtiomantas maidir le torthaí an tionscadail a bhaint amach.

Bainfidh pobal ginearálta thíortha Oirdheisceart na hEorpa agus an Aontais, atá i mbaol mar gheall ar leathadh forleathan SALW, tairbhe as an tionscadal seo de réir mar a laghdófar an riosca.

5. **Infheictheacht an Aontais**

Déanfaidh SEESAC gach beart iomchuí chun a phoibliú gur chistigh an tAontas an ghníomhaíocht seo. Déanfar na bearta sin i gcomhréir leis an gCreat-Chomhaontú Airgeadais agus Riaracháin idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe ([5]).

Ar an gcaoi sin, áiritheoidh SEESAC infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais, trédhearcacht a ghníomhaíochtaí á háirithiú, agus feasacht á múscailt ar na cúiseanna leis an tionscadal seo maille le feasacht ar thacaíocht an Aontais don tionscadal seo agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais Eorpaigh le feiceáil go soiléir ar ábhar a tháirgtear tríd an tionscadal i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir leis an mbratach a úsáid agus a atáirgeadh go cruinn.

Ós rud é go bhfuil na gníomhaíochtaí beartaithe an-éagsúil ó thaobh raon feidhme agus cineáil de, bainfear úsáid as réimse uirlisí fógraíochta, lena n-áirítear: na meáin thraidisiúnta; suíomhanna gréasáin; na meáin shóisialta; agus ábhair faisnéise agus fógraíochta lena n-áirítear grafaicí faisnéise, bileoga, nuachtlitreacha, preaseisiúintí agus nithe eile, mar is iomchuí. Déanfar foilseacháin, imeachtaí poiblí, feachtais, trealamh agus oibreacha tógála arna soláthar faoin tionscadal a bhrandáil

([5]) https://ec.europa.eu/europeaid/funding/procedures-beneficiary-countries-and-partners/fafafa-united-nations_en

dá réir sin. Chun go mbeidh tionchar níos mó ag an tionscadal, déanfar feasacht a mhúscailt sna rialtais náisiúnta éagsúla agus ina bpobail, sa phobal idirnáisiúnta agus sna meáin áitiúla agus idirnáisiúnta trí dhul i dteagmháil le gach ceann de na spriocghrúpaí tionscadail sa teanga iomchuí. Díreofar go háirithe ar láithreacht nua sna meáin agus ar líne.

6. **Fad**

Bunaithe ar an taithí a fuarthas agus Cinntí 2013/730/CBES, (CBES) 2016/2356, (CBES) 2018/1788, (CBES) 2019/2111, agus (CBES) 2024/381 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2111 á gcur chun feidhme, agus raon feidhme réigiúnach an tionscadail, líon na dtairbhithe agus líon agus castacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe á gcur san áireamh, is é 36 mhí an tréimhse don chur chun feidhme.

7. **Suiteáil ghinearálta**

Tá cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta sin curtha de chúram ar Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), ag gníomhú dó thar ceann SEESAC, agus beidh an tionscnamh réigiúnach ag obair faoi shainordú UNDP agus na Comhairle um Chomhar Réigiúnach – a tháinig i gcomharbas ar an gComhshocrú Cobhsaíochta le haghaidh Oirdheisceart na hEorpa. Mar an brainse feidhmiúcháin den Phlean Cur Chun Feidhme Réigiúnach, feidhmíonn SEESAC mar phointe fócasach do na saincheisteanna uile a bhaineann le SALW i réigiún Oirdheisceart na hEorpa, lena n-áirítear comhordú ar chur chun feidhme an Treochláir réigiúnaigh a éascú.

Beidh freagracht fhoriomlán ar UNDP, agus é ag gníomhú dó thar ceann SEESAC, as gníomhaíochtaí an tionscadail a chur chun feidhme agus cuntasacht as cur chun feidhme an tionscadail. Mairfidh an tionscadal 3 bliana (36 mhí).

Is í oifig tionscadail SEESAC – atá lonnaithe i mBéalgrád – a chuirfidh an tionscadal chun feidhme.

Sainithe sa bhuiséad, tá trí chineál costais a bhaineann le bainistiú agus riar an tionscadail:

— costais bainistithe tionscadail

— costais riaracháin agus

— costais mheastóireachta

Áireofar le costais an bhainistithe baill foirne a bhainisteoidh cur chun feidhme an tionscadail agus a dhéanfaidh cúraimí atá inchurtha go díreach i leith chur chun feidhme na Gníomhaíochta. Is trí chostais an tionscadail a ghearrfar na táillí foirne i ndáil leis an am a caitheadh a bheith inchurtha go díreach i leith chur chun feidhme na Gníomhaíochta.

Comhlíonfaidh foireann bainistíochta na hoifige tionscadail na dualgais a leanas:

— Riar éifeachtach an tionscadail a áirithiú, comhordú a dhéanamh le hoifigí agus comhpháirtithe tíre, seachadadh tráthúil aschuir a áirithiú chomh maith le tuairisciú éifeachtach airgeadais agus gníomhaíochta a thabhairt don deontóir.

— Cur chun feidhme gníomhaíochtaí atá dírithe ar thorthaí, atá éifeachtach, éifeachtúil agus cuntasach a áirithiú agus díriú ar thorthaí an tionscadail a shonraítear i ndoiciméad an tionscadail a bhaint amach, ar an gcaighdeán cáilíochta is gá agus laistigh de shrianta sonraithe ama agus costas.

Áireofar le costais riaracháin, na baill foirne a bheidh freagrach as cur chun feidhme an tionscadail agus a dhéanfaidh cúraimí atá inchurtha go díreach i leith chur chun feidhme na Gníomhaíochta agus costais oibríochtúla oifige.

Is trí chostais an tionscadail a ghearrfar na táillí foirne i ndáil leis an am a caitheadh a bheith inchurtha go díreach i leith chur chun feidhme na Gníomhaíochta.

Déanfaidh oifig riartha tionscadal na cúraimí a leanas:

— Nósanna imeachta soláthair, ceannacháin agus gníomhaíochtaí cuntasaíochta a dhéanamh i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha na Gníomhaíochta.

— Dearbháin agus iarrataí ar fhoréilimh a bhainistiú agus obair leantach a dhéanamh maidir le ceannach earraí agus seirbhísí;

— Bainistiú a dhéanamh ar riar agus ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail agus straitéisí bainistíochta airgeadais a chur i bhfeidhm.

— Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil chun cruinnithe, ceardlanna, seimineáir, comhdhálacha agus imeachtaí eile a ullmhú, lena n-áirítear ullmhúcháin lóistíochta, taisteal, ábhair oiliúna a ullmhú agus feidhmeanna riaracháin ábhartha a chomhlíonadh.

— Tacú le bainistiú an chláir, riar na mbuiséad agus le feidhmiú an chórais gnóthaithe costas is fearr.

— Seirbhísí iompair a chur ar fáil d'fhoireann an tionscadail.

Áireofar le costais oibríochtúla oifige roinnt catagóirí costas atá inchurtha go díreach i leith chur chun feidhme na Gníomhaíochta agus atá riachtanach d'fheidhmiú na hOifige Tionscadail, lena n-áirítear:

— Costais taistil agus chothaithe do bhaill foirne agus daoine eile arna sannadh go díreach le haghaidh oibríochtaí na hoifige tionscadail;

— Costais dímheasa agus chíosa na n-oifigí tionscadail, mar aon le trealamh agus sócmhainní na hoifige tionscadail féin;

— Costais na gconarthaí cothabhála agus deisiúcháin arna ndámhachtain go sonrach le haghaidh oibríochtaí na hoifige tionscadail;

— Costais tomhaltán agus soláthairtí arna gceannach go sonrach le haghaidh oibríochtaí na hoifige tionscadail;

— Costais TF agus seirbhísí teileachumarsáide arna gceannach go sonrach le haghaidh oibríochtaí na hoifige tionscadail;

— Costais fuinnimh agus uisce arna soláthar go sonrach le haghaidh oibríochtaí na hoifige tionscadail;

— Costais na gconarthaí um bainistiú saoráidí, lena n-áirítear táillí slándála agus costais árachais arna ndámhachtain go sonrach le haghaidh oibríochtaí na hoifige tionscadail.

Is mar chnapshuim – arna bunú ar na costais a tabhaíodh roimhe sin den chineál céanna ar thionscadail chomhchosúla – a thabharfar costais meastóireachta tionscadail. Is le gníomhaíocht shonrach an tionscadail amháin a bhainfidh na costais a thabhófar.

8. **Comhpháirtithe**

Is é SEESAC a chuirfidh an ghníomhaíocht chun feidhme go díreach i ndlúthchomhar leis na Coimisiúin SALW, leis na húdaráis inmheánacha agus le seirbhísí póilíneachta Phoblacht na hAlbáine, na Boisnia agus na Heirseagaivéine, na Cosaive, Phoblacht na Moldóive, Mhontainéagró, Phoblacht na Seirbia agus Phoblacht na Macadóine Thuaidh Mhontainéagró, na Seirbia, agus leis na hinstitiúidí ábhartha san Úcráin. Beidh dlúthpháirt ag institiúidí eile i gcomhréir leis an gcur chuige iomlánaíoch seanbhunaithe il-pháirtithe leasmhara maidir le rialú SALW.